| Oideachas ETIM | Cruinniú 8 – 23 Deireadh Fómhair 2023. |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| 1. **Fáilte** | Fáilte ón gCathaoirleach agus glacadh le miontuairiscí an chruinnithe dheiridh |
| **2. An Nuacht is Déanaí** | Tugadh forléargas gairid do na baill ar chur i láthair leis an Dr Patrick Burke agus leis an Dr Paula Lehane dar teideal 'Tuarascáil a Dó, Comhtháthú, Oideolaíocht agus Measúnacht' ag an Seimineár um Athshamhlú Curaclaim agus tugadh meabhrúchán dóibh maidir le seimineár gréasáin bunaithe ar an tuarascáil ar an 25 Deireadh Fómhair. Cuireadh nuashonrú ar fáil don mheitheal freisin maidir le tionscnamh le gairid chun úsáid na microbit a chur chun cinn i mbunscoileanna. |
| **3. Torthaí Foghlama** | Fuair an mheitheal dréacht de Thorthaí Foghlama ó gach céim den tsonraíocht Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta. Leagadh béim sa cheardlann seo ar ábhar na dtorthaí foghlama agus ar an teanga i ngach toradh. Iarradh ar an meitheal sa dara ceardlann aiseolas i scríbhinn a chur ar fáil maidir le roinnt buncheisteanna lena n-áirítear naisc leis na príomhinniúlachtaí, leithdháileadh ama, dul chun cinn, cuimsiú na bpríomhscileanna agus foclaíocht. |
| **4. Ceardlann ar Ghnéithe** | Cuireadh dréacht i láthair bhaill na meithle maidir le Gnéithe an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta lena athbhreithniú agus lena phlé. Rinne na baill plé ar an dréacht agus chuir siad aiseolas i scríbhinn ar fáil ina leith. |
| **5. Príomhoideolaíochtaí** | Cuireadh dréachtchleachtais oideolaíochta le haghaidh an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta i láthair na meithle. Iarradh aiseolas ar an meitheal maidir leis na príomhoideolaíochtaí seo. |
| 6. **Aon Ghnó Eile** | Tionólfar an chéad chruinniú eile ar an 5 Samhain 2023. |